Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Aibreán '11.

Stair na hUibhe Cásca.



Tá traidisiún ann deireadh troscadh le linn an Charghais a cheiliúradh le huibheacha Cásca. In Eoraip na Meánaoise, bhí cosc iomlán ar uibheacha i rith an Charghais chomh maith le laethanta troscaidh traidisiúnta eile. Le linn throscadh an Charghais, a lean ar feadh 40 lá níor itheadh aon uibheacha. B'é an traidisiún go n-úsáidtí na huibheacha go léir a bhí sa tigh sar a dtosnódh an Carghas, agus is as sin a tháinig an traidisiún, Lá na Pancóige. B'é i rith na Cásca a thosnaigh daoine ag ithe uibheacha arís tar éis dóibh bheith ag troscadh le linn an Charghais. Bhí uibheacha ina bpríomhchuid de na béilí Cásca, agus bhíodar mar bhronntanas na Cásca do leanaí. Tá an sean-nós ann le fada na huibheacha a mhaisiú. B'é an traidisiún is aosta ná uibheacha péinteáilte nó uibheacha daite a úsáid, ach is nós nua-aimseartha é uibheacha seacláide, nó uibheacha plaisteacha a úsáid agus iad a líonadh le milseáin.

Úsáidtear uibheacha chomh maith i gcluichí éagsúla na Cásca ar fud an domhain. Cuireann tuismitheoirí na huibheacha i bhfolach agus bíonn ar na leanaí iad a aimsiú, agus bíonn na leanaí ag rolladh na huibheacha síos cnoic. Tugtar tóraíocht uibhe agus rolladh uibhe na Cásca ar na cluichí seo. Bíonn an rolladh uibhe is cáiliúla ar siúl ar an bplásóg ag an dTeach Bán gach Cháisc. Le linn na Cásca, bíonn craobhchomórtas "egg jarping" ar siúl i dtuaisceart Shasana. Tá sé seo cosúil le cluiche conkers, le beirt imreoirí ag bualadh pointe a n-uibheacha le chéile le fáil amach cén ceann a scoiltfidh ar dtús. Is é an buaiteoir ná, an sealbhóir na huibhe nár scoilteadh. Cluiche traidisiúnta eile na Cásca ná "egg dancing" a tháinig ón nGearmáin, ina gcuirtear amach na huibheacha ar an urlár, agus is é an aidhm ná, rince timpeall orthu gan iad a bhriseadh.

Le déanaí ullmhaítear uibheacha Cásca go speisialta agus daoine lagamhairc á gcoimeád i gcuimhne. Tugtar "Beeping Easter eggs" orthu - uibheacha Cásca a bhíonn ag cliceáil agus a ligeann amach fuaimeanna éagsúla ionas gur féidir leis na leanaí lagamhairc iad a aimsiú. Ligeann cuid des na huibheacha amach fuaim ardairde amháin agus tagann port ó chuid eile acu. Is é an chúis atá leis seo ná go mbeadh gach éinne san áireamh ag ceiliúradh na Cásca go spraíúil.

Díoltar na milliúin uibheacha seacláide gach Cháisc, agus tá móréileamh orthu leis na blianta. Tagann siad i gcruthanna agus i méideanna éagsúla agus tá ceann ar fáil a oireann do gach duine. Táid go léir chomh deas sin go bhfuil sé deachair ceann a phiocadh astu. Bíonn na leanaí go léir, is cuma cén aois iad, ag súil le hubh Cásca gach bliain agus leanfaidh an traidisiún seo leis na glúine amach romhainn.

Scéim Saorthaistil Uile-Éireann

Foinse: www.citizensinformation.ie

Ceadaíonn an Scéim Saorthaistil Uile-Éireann do shealbhóir an Phas Saorthaistil (daoine atá in aois 66 agus níos sine) taisteal saor in aisce ar na seirbhísí bus agus iarnróid uile i dTuaisceart Éireann ag baint leasa as cárta Smartpass. Ar an mbealach céanna, tá sealbhóirí SmartPass Sinsearach i dTuaisceart Éireann i dteideal taisteal saor in aisce ar sheirbhísí i bPoblacht na hÉireann ag baint leasa as an SmartPass Sinsearach reatha atá acu. Má cheadaíonn do Phas Saorthaistil duit céile/páirtí sibhialta/comhchónaitheoir nó cara a thabhairt leat, is féidir leo leanúint ag taisteal saor in aisce leat ar thurais trasteorann ach ní féidir leo dul in éineacht leat saor in aisce ar iompar poiblí i dTuaisceart Éireann.

Más mian le sealbhóirí an Phas Saorthaistil leas a bhaint as an scéim Saorthaistil Uile-Éireann i dTuaisceart Éireann, caithfidh siad cárta SmartPass Sinsearach a fháil i dtús báire. Caithfear foirm iarratais (FTNI1) a chomhlánú chun cárta SmartPass Sinsearach a fháil. Ní féidir an fhoirm a fháil ar líne, agus chun foirm a fháil caithfear teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Leasa Shóisialaigh i Maigh Chromtha ag 026-20110, nó an Oifig Fáisnéise do Shaoránaigh i Maigh Chromtha ag 026-42179.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le Coinne, lár Mí Aibreán.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Reifléacseolaíocht, ar an gcéad Mháirt de gach mí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Ealaín le Pauline Dodds gach Mháirt, 2 - 4in.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
21ú Aibreán, le coinne, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Déardaoin ag 9in.
Ranganna ceoil gach Máirt, 086 0866668.
Ealaín le Pauline Dodds gach Luan, 2 - 4in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Cosliacht: Jan Cumiskey **27ú Aibreán**.
Do choinne glaoigh ar 026 45559 nó 40999.
Reifléacseolaíocht, ar an tríú Céadaoin de gach mhí.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Ceardlainn Ealáine & Ceardaíochta: Tráthnóna/Oíche
Breis eolas ar fáil ó Mary ag 40999 nó 45559 nó
Pauline ag 026 45212.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Bhí an feirmeoir, Sam sásta leis na buataisí rubair a cheannaigh sé mar bhí dhá poll sna buataisí chun a chosa a chur isteach iontu.
Dúcheist Tapaidh: Sé an ceann is faide ná 250 cm, mar tá 243.84 cm in 8 dtroigh. (30.48cm = 1 throigh)

Cleas Inchinne

Téann beirt aithreacha agus a mbeirt mhac ag iascaireacht. Beireann siad ar thrí iasc. Tógann gach duine acu abhaile iasc amháin. Conas san?

Dúcheist Tapaidh

Is cosúil go raibh duine éigin ag scríobh gan bhrí ar an gclár dubh. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, faoi choinníollacha áirithe, go bhfuil na cothromóidí aisteacha seo i gceart. Cad iad na coinníollacha seo?
Leid : Is rud éigin é a dheinimid gach lá.



Scoraíocht an Déardaoin.

In ionad na Scoraíochta i mí Aibreáin beidh turas go dtí "Griffin's Garden Centre" i nDruipseach, ar an Déardaoin an **21ú** lá ó 12.30in go dtí 4.30in. Chun d'áit a chur in áirithe cuir glaoch orainn ag 45661 roimh an **19ú Aibreán** le do thoil.

Curiarrachtaí Suimiúla

Dhein János Marton ón Ungáir curiarracht ag lomadh 50 caoirigh de láimh le siosúr / lann láimhe in 8 uair an chloig. Dhein sé an dúshlán seo a chomhlíonadh gan aon bhriseadh a thógaint, ar an 26ú Aibreán 2003 ag taispeántas "Hódmezovásárhely Animal Husbandry" san Ungáir.

Is é contae Uíbh Fhailí amháin, an t-aon chontae in Éirinn ina raibh sárimreoirí na bliana a bhuaigh i ngach ionad den bpáirc sa pheil agus san iománaíocht.

Muc Cróga

Má cheapann tú go raibh Babe cróga, fan go gcloisfidh tú faoi Lulu, muc ó Nua-Eabhrac. Bronnadh duais crógachta uirthi i 1999 ó RSPCA Mheiriceá toisc gur shábháil sí saol a húinéra. Nuair a thit úinéir Lulu, Joann Altsman, ó thaom croí ina hárasán, rith an mhuc chun cabhair a fháil. Rith sí amach trí chomhla an mhadra agus amach sa tsráid léi. Thosnaigh sí ag scréachaíl leis na gluaisteáin a bhí ag dul thart. Nuair nár oibrigh sé seo, rith sí amach ar an mbóthar, d'iompaigh sí ar a drom agus lena cosa in airde thosnaigh sí ag ciceáil. Thug sé seo an trácht chun stad agus fuair sí cabhair dá húinéir.

Leideanna chun breosla a shábháil

Sruthlíne - Bíonn friotaíocht na gaoithe níos mó le racaí díon / boscaí ar gluaisteán agus mar sin ídíonn breosla níos tapiúla. Muna bhfuil sé ag teastáil bain den ghluaisteán é, má tá sé in úsáid dein é a phacáil go cúramach chun an tarraingt bhreise a laghdú.

Meáchan breise - Le meáchan breise ídítear breosla breise, mar sin má tá stuif sa bhúit nach bhfuil ag teastáil don turas tóg amach é agus fág sa bhaile é.

Múch é - Bíonn ídiú breosla méadaithe le breis éilimh ar leictreachas, agus mar sin múch do théitheoir gaothscátha ar cúl, an córas dínéalaithe, séidirí agus ceannsoilse, nuair nach bhfuilid in úsáid.

Ceannaigh breosla i lítir, ní in euro - Bíonn sé soiléir go bhfaigheann tú an luach is fearr.

Dein géarshiopadóireacht - Ná húsáid an garáiste céanna i gcónaí mar nós.

Plean - Dein turais nach bhfuil in aithne agat a phleanáil amach i dtreo is nach rachaidh tú ar strae. Féach ar an nuacht tráchta sara dtosnaíonn tú freisin.
Foinse: www.aaireland.ie